Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0180

Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ceanada lena leagtar síos na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht eintitis dhlítheanacha Cheanada agus táirgí de thionscnamh Cheanada sa soláthar faoi Ionstraim SAFE

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 20 Bealtaine 2026 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ceanada lena leagtar síos na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht eintitis dhlítheanacha Cheanada agus táirgí de thionscnamh Cheanada sa soláthar faoi Ionstraim SAFE (16853/2025 – C10-0059/2026 – 2025/0413(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (16853/2025),

– ag féachaint don Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ceanada lena leagtar síos na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht eintitis dhlítheanacha Cheanada agus táirgí de thionscnamh Cheanada sa soláthar faoi Ionstraim SAFE (15810/2025),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 212 agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0059/2026),

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do chomhphléití an Choiste um Shlándáil agus Cosaint agus an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh faoi Riail 59 de na Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shlándáil agus Cosaint agus ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um

Fhuinneamh (A10-0144/2026),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Cheanada.